



MEIRICEÁ LAIDINEACH AGUS MUIR CHAIRIB

Tá caidreamh ilghnéitheach a dhéantar ag leibhéil éagsúla ag AE le Meiriceá Laidineach agus le tíortha Mhuir Chairib. Idirghníomhaíonn AE leis an réigiún ina iomláine trí chruinnithe mullaigh le Cinn Stáit agus Rialtais, cé go ndéanann comhaontuithe agus idirphlé polaitiúil, AE agus Muir Chairib, Meiriceá Láir, Comhphobal na nAindéas, Mercosur agus tíortha aonair a nascadh le chéile.

AN BUNÚS DLÍ

- Teideal V (gníomhaíocht sheachtrach AE) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Teidil I-III agus V (comhbheartas tráchtála; comhar um fhorbairt agus cabhair dhaonnúil; comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CAIDREAMH Ó RÉIGIÚN GO RÉIGIÚN

A. Na cruinnithe mullaigh

Tionóladh an chéad chruinniú mullaigh idir AE, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib in Rio de Janeiro i mí an Mheithimh 1999 agus bunaíodh ‘Comhpháirtíocht Straitéiseach Dhéréigiúnach’. Tionóladh an cruinniú mullaigh débhlantúil is déanaí, i mí an Mheithimh 2015 sa Bhruiséil, a bhí ar an dara cruinniú mullaigh idir AE agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (Comunidad de Estados Latinoamericanos y Caribeños, CELAC). Cuireann na cruinnithe mullaigh le naisc idir an dá réigiún a neartú ar an leibhéal is airde agus tugann siad aghaidh ar shaincheisteanna maidir leis an gclár oibre idirnáisiúnta agus déréigiúnach. Dhírigh díospóireachtaí ar thopaicí amhail daonlathas agus cearta an duine; bochtaineacht a chomhrac; comhtháthú sóisialta a chur chun cinn; nuálaíocht agus teicneolaíocht; agus an comhshaol agus athrú aeráide. Ag cruinniú mullaigh na Bruiséile glacadh le dearbhú polaitiúil gearr, agus le dearbhú níos faide maidir le gnéithe éagsúla na comhpháirtíochta agus le ‘Plean Gníomhaíochta’ AE-CELAC, a bhí bunaithe ar thosaíochtaí arna mbunú ag na cruinnithe mullaigh a tionóladh le gairid. Leagtar amach deich réimse tosaíochta sa phlean le haghaidh comhar déréigiúnach:

- eolaíocht, taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht;
- forbairt inbhuanaithe agus an comhshaol, athrú aeráide, bithéagsúlacht agus fuinneamh;



- lánpháirtíú réigiúnach agus idirnasacht ar mhaithe le cuimsiú sóisialta agus le comhtháthú sóisialta a chur chun cinn;
- an imirce;
- oideachas agus fostaíocht chun cuimsiú sóisialta agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn;
- an fhadhb dhomhanda drugaí;
- inscne;
- infheistíochtaí agus fiontraíocht le haghaidh forbairt inbhuanaithe;
- ardoideachas;
- slándáil saoránach.

Rinneadh cruinniú mullaigh AE-CELAC a bhí beartaithe a thionól ar dtús sa tSalvadóir i mí Dheireadh Fómhair 2017 a chur siar. Chas na hAirí Gnóthaí Eachtracha ón dá réigiún le chéile sa Bhruiséil an 16 agus an 17 Iúil 2018. Ghlac siad dearbhú lena ndírítear ar chomhar déréigiúnach i bhfórait dhomhanda a neartú.

B. An ghné pharlaiminteach

Cuireadh tús le teagmháil rialta idir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus Feisirí de Pharlaimint Mheiriceá Laidinigh in 1974 leis an gcéad cheann de 17 gcomhdháil idirpharlaiminteacha. Ba é seo an chéad fhóram — agus an t-aon cheann ar feadh blianta fada — le haghaidh idirphlé polaitiúil institiúidithe idir an Eoraip agus Meiriceá Laidineach. In 2006, tháinig Comhthionól Parlaiminteach Eora-Mheiriceá Laidinigh ('EuroLat'), institiúid pharlaiminteach na Comhpháirtíochta Straitéisí Déreigiúnaí, in ionad na gcomhdhálacha idirpharlaiminteacha. Feidhmíonn EuroLat mar fhóram chun díospóireacht, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna uile a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht. Tá 150 comhalta aige: 75 ó Pharlaimint na hEorpa agus 75 ó pharlaimintí foréigiúnacha Mheiriceá Laidinigh, lena n-áirítear an Parlaitino (Parlaimint Mheiriceá Laidinigh), an Parlandino (Parlaimint na nAindéas), an Parlacen (Parlaimint Mheiriceá Láir), an Parlasur (Parlaimint Mercosur) agus Comhthionóil na Sile agus Mheicsiceo. Ó 2006, tá 11 ghnáthsheisiún iomlánacha comórtha ag EuroLat, an ceann is déanaí i mí Mheán Fómhair 2018.

CAIDREAMH LE FORÉIGIÚIN

A. Meiriceá Láir (Cósta Ríce, an tSalvadóir, Guatamala, Hondúras, Nicearagua agus Panama)

Is ar bhonn 'Idirphlé San José' a d'fhorbair caidreamh le tíortha Mheiriceá Láir. Rinneadh é a thionscnamh in 1984, agus tá réimse shaincheisteanna an idirphlé leathnaithe ó shin sa mhéid agus go n-áirítear iontu anois forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, imirce agus slándáil. Tar éis an chéad dá chomhaontú comhair a thabhairt i gcrích in 1985 agus in 1993, síníodh Comhaontú Comhair agus Idirphlé Pholaitiúil in 2003, inar tugadh isteach réimsí nua éagsúla comhair. Síníodh an Comhaontú Comhlachais i mí an Mheithimh 2012, an chéad chomhaontú ó réigiún go réigiún dá chineál arna thabhairt i gcrích ag AE agus arna dhaingniú ag



Parlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2012. Bunaítear leis mar sprioc, comhpháirtíocht pholaitiúil phribhléideach a fhorbairt a bheidh bunaithe ar luachanna, prionsabail agus comhchuspóirí, cearta an duine a neartú, bochtaineacht a laghdú, neamhionannas a chomhrac, coinbhleacht a chosc, agus dea-rialachas, slándáil, lánpháirtíú réigiúnach agus forbairt inbhuanaithe a spreagadh. Chomh maith leis sin, déanann an Comhaontú Comhlachais trádáil i dtáirgí tionsclaíocha agus iascaigh a léirscaoileadh agus cuireann sé deireadh le formhór na dtaraifí ar thrádáil talmhaíochta. Tháinig caibidil trádála an chomhaontaithe i bhfeidhm le linn 2013 (ar dhátaí éagsúla do thíortha éagsúla). Tá Coiste Parlaiminteach Comhlachais comhdhéanta de FPEanna agus comhaltaí an Parlacen agus de pharlaimintí náisiúnta Chósta Ríce agus Phanama, agus is é a dhéanfaidh faireachán ar chur chun feidhme an chomhaontaithe.

B. Comhphobal na nAindéas (an Bholáiv, an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú)

Tá AE i dteagmháil go rialta le tíortha na nAindéas ó bunaíodh Grúpa na nAindéas in 1969 (Comhphobal na nAindéas ina dhiaidh sin). Síníodh an chéad Chomhaontú Comhair in 1983, agus tháinig Creat-chomhaontú um Chomhar níos leithne ina dhiaidh sin in 1993. I mí na Nollag 2003, thug an dá réigiún Comhaontú Comhair agus Idirphlé Pholaitiúil chun críche, lena leanáitear tuilleadh raon an chomhair cé nach bhfuil sé i bhfeidhm fós. Cuireadh tús le caibidlíochtaí maidir le Comhaontú Comhlachais i mí an Mheithimh 2007 agus ina raibh comhaontú trádála ilpháirtí le Peiriú agus leis an gColóim i mí an Mhárta 2010 mar thoradh air. Tháinig an comhaontú trádála, arna shíniú i mí an Mheithimh 2012 agus arna dhaingniú ag Parlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2012, i bhfeidhm le Peiriú an 1 Márta 2013 agus leis an gColóim an 1 Lúnasa 2013. Déanann an comhaontú foráil do thrádáil i dtáirgí tionsclaíocha agus iascaigh a léirscaoileadh go hiomlán thar thréimhse 10 mbliana (bhí deireadh curtha le formhór na dtaraifí ar a theacht i bhfeidhm) agus cuireann sé leis an rochtain ar mhargaí do tháirgí talmhaíochta. Cumhdaíonn an comhaontú soláthar poiblí, infheistíocht, cearta an duine agus caighdeán saothair agus comhshaoil. Tháinig Eacuadór isteach sa chomhaontú trádála an 1 Eanáir 2017.

C. Mercosur (an Airgintín, an Bhrasaíl, Paragua agus Uragua)

Ó 1992, tá caidreamh institiúideach leanúnach ag AE leis an gCómhargadh Theas (Mercado Común del Sur, Mercosur), a bunaíodh in 1991. In 1995, shínigh siad Creat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach, lena mbunaítear idirphlé polaitiúil rialta agus lena leagtar amach cuspóirí agus socrúithe le haghaidh trádála agus comhar eacnamaíoch, lena n-áirítear sna réimsí infheistíochta, cur chun cinn, iompair, an chomhshaoil, agus i réimsí na heolaíochta agus na teicneolaíochta.

In 1999, cuireadh tús le caibidlíochtaí maidir le Comhaontú Comhlachais, lena n-áirítear idirphlé polaitiúil, comhar agus saorthrádail. Tar éis caibidlíochtaí a chur ar fionraí in 2004, tosaíodh arís iad in 2010, inar díriodh ar na caibidlí polaitiúla agus comhair agus ar an gcuid 'normatach' den chaibidil trádála (rialacha tionscnaimh, etc.), ach tháinig stad leo arís in 2012. Tar éis do na páirtithe a ngealltanais chun teacht ar chomhaontú a athdhearbhú, rinne siad tairiscintí ar rochtain ar mhargaí a mhalartú le haghaidh earraí, seirbhísí agus soláthar rialtais i mí na Bealtaine 2016 agus cuireadh tús leis na caibidlíochtaí arís. D'ainneoin ghealltanais an dá pháirtí, níor éirigh leo a sprioc a bhaint amach go mbeadh chomhshocrú maidir le Comhaontú Comhlachais ann faoi dheireadh



na bliana 2017 agus lean na caibidlíochtaí ar aghaidh in 2018. Ar ócáidí éagsúla, léirigh Parlaimint na hEorpa a tacaíocht do chomhaontú cothrom agus uailmhianach ina ndéantar íogaireachtaí eárnálacha eacnamaíocha an dá réigiún a chur san áireamh.

D. Muir Chairib

Bhí caidreamh láidir riamh, agus tá go dtí seo ag AE leis na tíortha i Muir Chairib. Is ann dó seo den chuid is mó de bharr láithreacht choilíneach ag tíortha Eorpacha sa réigiún; agus is ann go fóill dá lán díobh trí Thíortha agus Críocha thar Lear (OCTanna). Déanann creataí institiúideacha forluiteacha éagsúla caidreamh AE-Muir Chairib a mhúnlú. Tá Comhaontú Cotonou ar an gceann is tábhachtaí, arna shíniú in 2000 le 79 dtír de chuid na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC), agus Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche AE-Caríforum (EPA), arna shíniú in 2008. Is comhpháirtí lánach é Caríforum i dtaca le hidirphlé déréigiúnach le AE. As 16 chomhalta na heagraíochta, is comhaltaí de Chómhargadh Mhuir Chairib (Caricom) 14 díobh — Antigua agus Barbúda, na Bahámaí, Barbados, an Bheilís, Doiminice, Greanáda, an Ghuáin, Háítí, Iamáice, San Críostóir-Nimheas, St Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní, Suranam agus Oileán na Tríonóide agus Tobága. Is comhaltaí chomh maith iad an Phoblacht Dhoiminiceach (sínitheoir ar Chomhaontú Cotonou agus ar EPA) agus Cúba, a bhfuil stádas speisialta aige.

Ó mhí na Samhna 2012, tá caidreamh AE-Muir Chairib faoi rialú Straitéis Chomhphárteach AE-Muir Chairib (JECS), lena soláthraítear creat struchtúrach le haghaidh idirphlé agus comhair níos leithne agus níos cuimsithí. Leagtar amach cúig réimse tosaíochta sa straitéis: comhar réigiúnach agus lánpháirtiú; atógáil Háítí; athrú aeráide agus tubaistí nádúrtha; coireacht agus slándáil; agus gníomhaíocht chomhphárteach i bhfóraim iltaobhacha agus dhéréigiúnacha agus i ndáil le saincheistanna domhanda.

Tá caidreamh idirpharlaiminteach ina chuid thábhachtach de naisc AE-Muir Chairib. Chomh maith le cruinnithe réigiúnacha tiomnaithe agus Comhthionól Idirpharlaiminteach AE-ACC, bhunaigh EPA 2008 Comhchoiste Parlaiminteach AE-Caríforum chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe. Tháinig an Coiste le chéile trí huair, in Oileán na Tríonóide agus Tobága an uair is déanaí ón 31 Deireadh Fómhair go dtí an 1 Samhain 2017.

CAIDREAMH LE TÍORTHA AONAIR

A. Meicsiceo

Tá caidreamh taidhleoireachta ag Meicsiceo le AE ó 1960. Tar éis Comhaontú Comhair in 1975 agus Creat-Chomhaontú um Chomhar níos leithne in 1991, rinne AE agus Meicsiceo an chéad chomhaontú comhpháirtíochta AE le tír i Meiriceá Laidineach a thabhairt chun críche in 1997. Rinne an Comhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar (an 'Comhaontú Uilíoch') idirphlé polaitiúil a bhuanú agus comhar a leathnú chuig réimsí éagsúla, lena n-áirítear daonlathas agus cearta an duine. Rinne sé limistéar saothrádála AE-Meicsiceo a chruthú chomh maith. An 21 Aibreán 2018, thángthas ar 'chomhaontú i bprionsabal' maidir leis na caibidlí trádála de chomhaontú nuashonraithe a d'eascair as



caibidlíochtaí le Meicsiceo i ndáil leis an 'gComhaontú Uilíoch' a nuachóiriú, ar cuireadh tús leo i mí na Bealtaine 2016.

Déanann an Chomhpháirtíocht Straitéiseach arna bunú in 2009 naisc le Meicsiceo a neartú tuilleadh — an t-aon tír ag a bhfuil Comhaontú Comhlachais agus Comhpháirtíocht Straitéiseach araon aici le AE. Is léiriú í an chomhpháirtíocht ar aitheantas AE do thábhacht mhéadaithe eacnamaíoch agus pholaitiúil Mheicsiceo ar bhonn domhanda, agus tá dhá sprioc ag an gcomhpháirtíocht: comhar agus comhordú AE-Meicsiceo maidir le saincheisteanna domhanda a fheabhsú ag leibhéal iltaobhach, agus ugach polaitiúil breise a thabhairt do chaidreamh déthaobhach agus do thionscnaimh. Tionóladh trí chruinniú mullaigh AE-Meicsiceo faoin gComhpháirtíocht Straitéiseach, an ceann is déanaí i mí Iúil 2015. Bíonn idirphléití ardleibhéil go rialta idir AE agus Meicsiceo maidir leis an iliomad saincheisteanna, lena n-áirítear cearta an duine, slándáil agus forfheidhmiú an dlí, saincheisteanna eacnamaíocha, an comhshaol agus athrú aeráide. Ó 2005, rinne Comhchoiste Parlaiminteach AE-Meicsiceo faireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Uilíoch.

B. An tSile

Síníodh an chéad Chreat-Chomhaontú um Chomhar leis an tSile in 1990 tar éis don tír daonlathas a athbhunú. Bunaíodh idirphlé polaitiúil rialta in 1995. Tar éis Creat-chomhaontú um Chomhar níos cuimsithí a shíniú in 1996, rinne AE Comhaontú Comhlachais leis an tSile a thabhairt chun críche in 2002. Tá an comhaontú comhdhéanta de trí shraith: caibidil ar idirphlé polaitiúil, lena n-áirítear rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, Pharlaimint na hEorpa agus Chomhdháil na Sile; caibidil faoin gcomhar lena leagtar amach réimsí éagsúla le haghaidh comhar chun forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, shóisialta agus chomhshaoil a chothú; agus limistéar saorthrádála i dtaca le hearraí agus seirbhísí a chruthú. I mí na Samhna 2017, cuireadh tús le caibidlíochtaí chun an Comhaontú Comhlachais a nuashonrú.

Ó 2003 tá faireachán á dhéanamh ag Comhchoiste Parlaiminteach AE-an tSile ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais.

C. An Bhrasaíl

In 1960, bhí an Bhrasaíl ar an gcéad stát de chuid Mheiriceá Theas chun aitheantas a thabhairt do Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) agus buanionadaíocht a bhunú sa Bhruiséil. Síníodh comhaontuithe comhair éagsúla sna blianta ina dhiaidh sin. Le comhdhlúthú an daonlathais sa Bhrasaíl, tháinig caidreamh déthaobhach chun cinn, a raibh an Creat-Chomhaontú um Chomhar níos leithne, a síníodh in 1992, mar thoradh air. Ó shin i leith tá caidreamh leis an mBrasaíl ag dul ó neart go neart, ina léirítear neart méadaithe polaitiúil agus eacnamaíoch na Brasaíle i gcomhthéacs domhanda. In 2007, bhunaigh AE agus an Bhrasaíl Comhpháirtíocht Straitéiseach. Ó 2007, tionóladh seacht gcruinniú mullaigh AE-an Bhrasaíl, agus bhí an ceann is déanaí ann i mí Feabhra 2014. Leagtar amach clár gníomhaíochtaí sa Phlean Gníomhaíochta Comhpháirteach do 2012-2014 chun an chomhpháirtíocht a fheabhsú i gcúig réimse: an tsíocháin agus an tslándáil; an chomhpháirtíocht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn; an comhar réigiúnach; an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht; agus malartuithe daoine le daoine.



Le Comhpháirtíocht Straitéiseach AE-an Bhrasaíl áirítear idirphlé rialta idir Comhdháil Náisiúnta an Brasaíle agus Parlaimint na hEorpa.

D. Cúba

Go dtí le gairid, bhí Cúba ar an aon tír sa réigiún nár shínigh Comhaontú Comhlachais nó Comhaontú Comhair le AE. Cuireadh tús le caibidlíochtaí áfach, d'fhonn Idirphlé Polaitiúil agus Comhaontú Comhair (PDCA) a thabhairt chun críche i mí Aibreán 2014 agus tugadh na caibidlíochtaí sin chun críche go sásúil an 11 Márta 2016. Síníodh an comhaontú an 12 Nollaig 2016 agus rinne Parlaimint na hEorpa é a dhaingniú an 5 Iúil 2017. Tiocfaidh sé i bhfeidhm go hiomlán a luaithe a bheidh sé daingnithe ag Ballstáit uile AE. Áirítear trí phríomhchaibidil sa PDCA: caibidil ar idirphlé polaitiúil, caibidil ar chomhar agus idirphlé beartais earnála agus caibidil ar thrádáil. Rinneadh caidreamh AE-Chúba a neartú i réimsí eile chomh maith, trí chuirteanna ardleibhéil éagsúla agus trí idirphlé polaitiúil foirmiúil a athsheoladh.

Jesper Tvevad
05/2019

